

Lá Damhsa Seit

Satharn, 12 Lúnasa 2017

Set-dance Day, Sat. 12 August 2017

Ceardlann 'is céilí le/*workshop & céilí with*

Connie McKelvey

Dáileán

Áras Mhic Reachtain

283–289 Bóthar Aontroma/Antrim Rd, Belfast BT15 2GZ


028 9074 9688 / www.mhicreachtain.com/

www.facebook.com/cumannculturtha.mhicreachtain

Imeacht dátheangach—pléisiúrtha is fóirsteanach d'foghlaimeoirí teanga is damhsa agus do dhaoine atá cleachta leo.


In Irish but with bilingual support for learners—great for language and/or set-dance learners as well as those more practised.

Greamanna Damhsa Seit




Léaráid 6.0a. Na páirtithe taobh le taobh


Léaráid 6.0b. Na páirtithe amach ar aghaidh a chéile




Léaráid 6.1. Greim coime.



Léaráid 6.2. Greim promanáid nó siúil



Léaráid 6.3. Greim na gualainne deise.



Léaráid 6.4. Greim na gualainne clé.



Léaráid 6.5 Greim lámh crossach lastiar.



Léaráid 6.6 Uillinn in uillinn lastiar.



Léaráid 8. Greim céilí.



Léaráid 9. Greim Chonnemara.




Léaráid 6.7a Greim válsa: ciotóg na mná ar ghuallainn dheas a páirtí, nó ina diaidh.




Léaráid 6.7b Greim válsa: ciotóg na mná ar bharr láimhe an fhir.




Léaráid 6.10 Barróg.



Léaráid 6.11. Greim Sheánain.




Léaráid 6.13a Greim na láimhe deise.



Léaráid 6.13b Greim na láimhe deise don chornphíopa.

2.0 Eagar na mBeirteanna



Léiréad 2.1 Na Suímh Thosaigh Seit

2.1 An Seit. Bíonn ceithre bheirt (sin é, ochtar damhseoirí) in aon seit amháin. Muna mbíonn damhseoirí go leor i láthair le haghaidh seit iomláin, is féidir go ndéantar leathsheit as ceathrar. Beidh an dá bheirt ag damhsa ar aghaidh a chéile sa leathsheit.

2.2 An Bheirt. Más féidir, bíonn fear agus bean le chéile mar bheirt. Seasann an fear ar an taobh chlé den bhean agus iad ina seasamh taobh le taobh ag amharc sa treo amháin go lár an tseit.

2.3 Na Beirteanna. Eagraíonn na beirteanna iad féin dár an léaráid 2.1 thíos, *Na Suímh Tosaigh Seit*. Is féidir a shamlú achan bheirt bheith suite sa lár thaobh cearnóige agus í ag amharc go lár. Roinneann na beirteanna ina bpéirí, na beirteanna barraí (nó "na barranna" nó "na bairr" nó "na barracha") agus na beirteanna cliatháin (nó "na cliatháin" nó "na cliathánacha" nó "na taobhanna"),—iad ar aghaidh a chéile, amháil agus nach mbeadh ach aon taobh amháin den chearnóg is cóngaraí don fhoinsé ceoil (cibé do na ceoltóirí nó don seinnteoir ceoil).


2.4 An chéad bheirt agus an dara beirt bharraí. Ina chéad bheirt barraí atá an bheirt is cóngaraí don cheol (agus a droim leis) agus is í an bheirt os a comhair an dara beirt bharraí. Tugtar “na beirteanna barraí” (nó "na barranna") ar an dhá bheirt seo.

2.5 An chéad bheirt agus an dara beirt chliatháin. Tugtar “na beirteanna cliatháin” (nó "na cliatháin" nó "na cliathánacha" nó "na taobhanna") ar an dá bheirt eile. Is é “an chéad bheirt chliatháin” an t-ainm atá ar an bheirt ar an taobh chlé den chéad bheirt bharraí (ó radharc na chéad beirte barraí), agus is é “an dara beirt chliatháin” an t-ainm ar an bheirt os comhair na chéad bheirt barraí. Is fíor annamh a mbíonn an chéad bheirt chliatháin ar an taobh dheas den chéad bheirt bharraí ach bíonn sé ann ar ndóigh i seiteanna áirithe. Is minic sna damhsí seit go mbíonn na barraí chun cinn is go ndéanann siad sraith gluaiseachtaí sula ndéanann na cliatháin í. Mar sin de, is fearr do dhuine nach bhfuil taithí ar an damhsa seit aige a bheith ina bhall de na cliatháin, sa chaoi is go mbeadh seans aige staidéar a dhéanamh ar na gluaiseachtaí roimh a shealse.

2.6 An chéad suíomh eile. Is é an chéad suíomh eile an suíomh ina bhfuil an bheirt ar do thaobh dheas nó ar do thaobh chlé, ag brath ar an treo ina bhfuil tú ag dul.

2.7 An suíomh os comhair amach nó an suíomh thall. Is é an suíomh os do chomhair amach an suíomh ina bhfuil an bheirt os do chomhair amach (nó ar do mhalairt nó thall) ag tosach na coda seit.

2.8. An fear thall nó an bhean thall. Is é an fear thall nó is í an bhean thall an fear nó an bhean atá sa bheirt os do chomhair amach.



Léaráid 8.0 Baill an choirp.

Gluais

Nodanna [idir lúbíní cearnógacha]: *sainmhíniú a d'fhéadfadh bheith ann; aid./aidiacht; ÁRF1/Coimisiún an Rince, *ÁR Rinnidhe Fóirne: ten Irish Figure Dances, First Series* (1939); ÁRF2/ An Coimisiún le Rincí Gaelacha, *Ár Rinnidhe Fóirne. Leabhrán a Dó* (1943?); b/focal baininsneach; BB/Breandán Breathnach, *Ceol agus Rince Na hÉireann* (1989); CC/canúint caighdeán; CF/Catherine Foley, *Seitirne na Sionna* (2007); CU/canúint uladh); l./leathanach; HID/ J.C. O'Keeffe and Art O'Brien (Seumas Ua Caoimh, *Art Ua Briain Handbook of Irish Dance* (1902); f/focal firinsneach; fr./focal fraincise; MÓB/Mairtín Ó Brosnacháin (foinse); RSM/ Robert Shelton MacKenzie, *Bits of Blarney* (1855); SRD Francis Peacock, *Sketches Relative to the History and Theory, but More Especially to the Practice of Dancing* (Aberdeen, 1805); WCT/William Carleton, *Tales and Sketches, Character, Usages, Traditions, Sports and Pastimes of the Irish Peasantry* (1854).

Abhaile : Dance Home = Dance to Place

Aghaidh na mban ar na fir : Women Face the Men

Aghaidh na bhfear ar na mná : Men face the Women

“An Cur Diallaite ag an Chapailín” (An Seit Fhear Manach Figiúr 2) : “Saddle the Pony” (= “The Saddling of the Pony”)

Ar Aghaidh ‘is ar Cúl [CU] = **Ar Aghaidh ‘is ar gCúl** [CC, ÁRF1, ÁRF2] = Ar aghaidh is Pilleadh [HID]: Advance and Retire [ÁRF1] = Advance and Return [ÁRF2]

Athrú ag na mná : Women Cross

Athrú Áiteanna [ÁRF2] : Cross over

Baile : áit/ionad tosaigh

Barraí (1) [ÁRF1] = **Barranna** = **Bairr** [MÓB] = **Beirteanna Barraigh** [CF] : Tops = Top couples

Barraí (2) : (music) bars

Bean a’ tí nó fear a’ tí: caller (at a céilí)

Beirt = péire = cúpla [ÁRF1] = **dís** [BB, l. 171] : couple, pair.

Beirt bharraí = **beirt bhairr** = **príomhbheirt** [HID] = **beirt bharraigh** [CF] = **cúpla tosaigh** [ÁRF1]: top couple

Beirt chliatháin = beirt chliatháineach = beirt taobhanna = cúpla cliatháin [ÁRF1]: side couple

Beirt chontrártha = fiarbheirt [HID] = beirt eile nach bhfuil ina bheirt thall : couple to the right or couple to the left

“Bogadh an Chliabháin” (An Seit Fhear Manach Figiúr 4) : “Rock the Cradle”

Bogadh (ar dheis) = Change Position (to the right).

Builcín (= beart nó snaidhm) : “lámha na mBan ar ghualainn na bhFear agus lámh chlé na bhFear ar chúl na Mná ar taobh na lámhe clé.” ([MÓB] Seit an Chladaigh, fig. a 2). Féach fosta **Nollaig**.

Cách = **gach duine** = **achán** [CU] **duine** : each/everyone

Cabhail [CF, HID] = **Cobhail** [ÁRF1] = **Colainn** [MÓB] = **Corp** : Body

Cas an bhean : Turn the Lady.

Caoince (féach **Cuid**).

Cearnóg = **châine anglaise** : Square.

Cearnóg na mban : Ladies' Square.

Céim do leataobh = Deaschéim = Sleaschéim : Side-step.

Céim Phromanáid = **Cèum siubhail** (SRD) : Promenade Step = Forward Step (SRD)

Céim na batrála [BB, l. 175: “...preab a dhéanamh le leathchos agus an leathchos eile a bhualadh faoi dhó faoin talamh, é sin a dhéanamh an athuair ag tosú leis an leathchos eile duit.”] : batter step

Chéad bheirt bharraí = **chéad bheirt bharrach** = **na chéad Bhairr** [MÓB]: first top couple.

Chéad bheirt chliatháin = **dara bheirt chliathánach** = **dara bheirt taobhanna** : first side couple.

Chéad fhear barraí = **chéad fhear barr** : First-tops man

Chéad fhear cliatháin = **chéad fhear taobh** [MÓB] : First side man

Ciorcal Mór (Ochtair) = **Fáinne** [ÁRF1] **Mór** : Big Circle = Circle (of Eight) = Hands round [ÁRF1].

Ciorcal isteach ‘is amach ‘is mná ar dheis :

Cliabh : basket.

Ciotóga trasna = **ciotógaí trasna** [ÁRF2] = [*]”**ceithre crobha treasna**” [HID] = “**clé isteach**” [HID]: Left-hand(s) In = left wheel.

Cliatháin [ÁRF1, ÁRF2, HID] = **na Cliathánacha** [CF] = **na Taobhanna** [MÓB] : Sides = Side-couples

“Coigilt na Tine” (An Seit Fhear Manach Figiúr 1) : “Rake the Fire”

Coim (b.) = **básta (f.)** : waist

Contrártha [aid., ÁRF1] = **fiar** [HID] (= an chéad ar dheis nó ar chlé) : Contrary (next to right or to left)

Cor [ÁRF1] = **ríl** : reel

Cornphiopa : hornpipe

Cosa in Airde = **Seachtanna Fada** : Gallop = Long Slide = Long Sevens

Cos chlé = **gad** [WCT, RSM l. 298] : left foot

Cos dheas = **súgán** [WCT, RSM l. 298] : right foot

Cothromú : Balance (“Balancez” [fr.]

Cuadrail = **rince cearnógach** [BB, l. 182] : quadrille [fr.]

Cuid (a bhfuil 8 mbarra inti) = **caoince** [BB, l. 130] : strain = unit of music with 8 bars.

Cur i láthair = **Intreoir** : Lead In

Damhsa in áit = **Damhsa ar an spota** : Dance in Place.

Damhsa sa bhaile : Dance at Home.

Damhsa Seit = **Seitirne** [CF] = [*]”**Rinnce Áirithe** [HIR] : Set Dance/Dancing

Dara beirt bharraí = **dara beirt bharrach** = **na dara Bairr** [MÓB] : second top couple.

Dara beirt chliatháin = **dara beirt chliathánach** = **dara beirt taobhanna** : second side couple.

Dara fear barraí = **dara fear barr** [MÓB] : Second top man

Dara fear cliathán = **dara fear taobh** [MÓB] : Second side man

Deasóga trasna = **deasógaí trasna** [ÁRF2] = Deas-lámha treasna [ÁRF1] = [*]”**ceithre crobha treasna**” [HID]: Right-hand(s) In = right wheel

Deas-lámha anonn [HID, ÁRF1] : right hand to opposite lady

Deiseal : clockwise

Dúbailt : Double

Fear a’ tí nó bean a’ tí: caller (at a céilí)

Fir isteach : Men In.

Fonn = ““An Fonn’ an t-ainm atá ag ceoltóirí ar an gcéad chuid den phort rince; ‘an casadh’ atá acu ar an dara cuid.” [BB, l. 131]

Fuadach na mná : Steal the Lady

Gabháil abhaile : Lead to Home

Gabháil ar ais : Lead Back

Gabháil thart : Pass By
Gabháil Timpeall [ÁRF1, ÁRF2, HID] = Dul Timpeall = Siúil Timpeall : Lead Around
Gabháil timpeall leath bealaigh : House Across = House Half-way.
Gabháil Tríd : Pass Through
Geataí : Gates
Greim Céilí : Ceili Hold
Greim Coime = Greim an Bhásta [MÓB] : Waist Hold.
Greim Promanáid (Íochtair) = Greim dhá láimh [MÓB] : (Lower) Promenade Hold (“greim dhá láimh, deas le deas, clé le clé, na lámha deasa in uachtar” [MÓB])
Greim Válsa : Waltz Hold
Isteach agus/s/is Amach : In and Out
Lámha timpeall : Star.
Leath-Shlabhra = Slabhra na mban barraí anonn/anall : Half-chain = Chain Across/Home
Líne triúir : Line of Three
Luascadh : Swing
Luascadh ag ceathrar : Wheel
Luscadh ar an choirnéal : Swing(ing) on the Corner.
Luascadh i lár : Swing(ing) in the middle
Lúba dúbailte : Double(s).
Malairt taobh [HID] : Change sides
Mná barraí : Top Ladies
Mná cliatháin : Side Ladies
Mná isteach : Women In.
Muileata : Diamond = Square Inside
Nollaig [CF] Bheag = Builcín [MÓB] : Little Christmas
Nollaig [CF] Mhór = Builcín Mór [MÓB] : Big Christmas
Páirtí = comhrinceoir [ÁRF2] : partner
Polca = Polacca : Polka
Promanád (f.) = Promanáid (b.) = Siúil : Walk = Promenade
Ríl (féach Cor)
Roth = Roithleán? : Wheel
Roth siar : Wheel Back.
Scinneadh trasna = Sceinneadh treasna [HID, ÁRF1] : skip across
Seachtanna = 7anna: Sevens
Seit (“an Seit” [f., CU], = “an tSeit” [b., CC]) = **soit** [BB, l. 83] : Set
Síos i lár baill [ÁRF2] : Down the centre
Slabhra : Chain
Slabhra na mban/bhfear [ÁRF1] = slabhradh ban/fear [HID] : Ladies’/Men’s Chain
Slabhra na mban anonn ‘is anall.
Slabhra casta [MÓB] : Lad xxxxx
Sladhra iomlán [ÁRF2] = lán tslabhradh [HID]: Full chain
Sladhra leath-shlí = Slabhradh leath-shlighe [HID] : half chain
Sleamhnán : Slide
Sleamhnú isteach ‘is amach : Slide In and Out
Suas i lár baill [ÁRF1] : Up the centre
Thall : Across, m.sh. Chéad fhear ‘s bean thall, Dara fear ‘s bean thall
Timpeall an duine thall : Opposites Dance Around

Timpeall an Tí = Timpeall a’ Tí = Thart ar a’ teach = “Rinnidh timcheall” [HID] : House (Around) = Round the House
Timpeall an Tí istigh : House Inside
Tiontú na mná : Turn(ing of) the Lady
Tiontú na Mná sa Chiorcal : Turn the Lady in the Circle
Trasna a’ Tí = Leath thimpill a’ Tí : House to the Opposite Side.
Trasna a’ Tí abhaile : House Back Home.
Trasnán [CF] : Diagonal Line
Tríonna = 3onna: Threes
Tuathal : anti-clockwise
Uillinn i n-uillinn laistiar [HID] : “Link (arms) at (the) back” [HID]